Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Foirgníochta

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

*Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023*




# *Staidéar Foirgníochta*

## *Teoiric – Gnáthleibhéal*

**Nóta:** *Is ar mhaithe le léargas a thabhairt a chuirtear léaráidí agus nótaí ar fáil agus níor cheart glacadh leo mar liosta iomlán nach féidir tuilleadh a chur leis.*
*Tá nótaí agus léaráidí ábhartha eile inghlactha mar fhreagraí agus tabharfar marcanna dóibh dá réir.*

# Ceist 1.

**(a) Gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcéad urlár.**




**Sonraíocht – gnáthshonra**

- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Cuas inslithe líonta go hiomlán 200 mm
- Ballacheangal
- 100 mm bloc coincréite duille istigh
- Plástar inmheánach 15 mm
- Téip aerdhíonach
- Crochadán giarsa
- Giarsa 225 × 50 mm
- Síleáil phlástarchláir
- Deicre sraithadhmaid 20 mm
- Urlárlach crua-adhmaid T & G [Teanga agus Eitre]
- Clár sciorta

*N.B. Tá aon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair inghlactha.*

**(b) Sonraíocht dearaidh d'fhonn an bloc seachtrach a nascadh leis an mbloc inmhéanach**

Ballacheangal


# Ceist 2


## (a) Dhá chúis a bhfuil deontais uasghrádaithe fuinnimh ar fáil do sheantithe.

- Chun BER [Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh] a fheabhsú
- Chun úsáid fuinnimh an tí cónaithe a laghdú agus, uaidh sin, laghdófar líon na n-astaíochtaí carbóin a chuireann sé amach
- Chun úinéirí a spreagadh chun tithe atá ann cheana a uasghrádú seachas tithe nua a thógáil
- Chun tithe atá níos sine a dhéanamh éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, inbhuanaithe, agus measartha saor chun iad a théamh
- Chun na háitritheoirí a spreagadh chun slí mhaireachtála níos éiceabháiche

## (b) Modh oiriúnach amháin chun córas inslithe seachtrach a chur i bhfeidhm

- Gach salachar, smúit agus ábhar orgánach eile a bhaint ón mballa roimh thosú
- Tá rianta tosaithe ceangailte le dromchla an bhalla sheachtraigh chothrom ag leibhéal an chúrsa taisdíonaigh
- Cuirtear rindreáil ghreamaitheach ar chúl agus ar imill na mbord inslithe roimh iad a chur ar an mballa
- Ba cheart ailt na mbord inslithe a chéimniú
- Agus bearna rialta eatarthu, ba cheart ancairí meicniúla a úsáid chun an t-insliú a fheistiú don bhalla seachtrach
- Cuirtear rindreáil modhnaithe le polaiméir de bhunús stroighne air, 6 mm - 10 mm i dtiús de ghnáth
- Cuirtear mogalra snáithín gloine isteach sa bhunchóta Ba cheart do mhogaill a bheith leanúnach, agus forluí de 100 mm ar a laghad a bheith acu ar an mogall in aice leo
- Cuirtear bailchríoch air chun an chuma atá á iarraidh a chruthú





### Cineál inslithe


- Polaistiréin leathnaithe EPS
- Fionólach
- Polyisocyanurate (PIR)
- Polaistiréin Easbhrúite (XPS)


### Tiús inslithe


- Tiús inslithe de 200 mm ar a laghad.

## (c) Nótaí agus sceitsí saorláimhe, aon uasghrádú fuinnimh amháin eile.

- Cur le méid an inslithe ag leibhéal an dín
- Grianphainéil a chur isteach chun cur leis an leictreachas a fhaightear ón eangach
- Fáil réidh leis an seancheann agus córas teasa atá níos tíosaí ar fhuinneamh a chur isteach ina áit
- Fáil réidh leis an teallach oscailte agus sorn dóite adhmaid a chur in áit
- Uasghrádú go fuinneoga ardfheidhmíochta








*Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair*

## Ceist 3

**(a)** **An phíbobair is gá chun an bailitheoir gréine a nascadh leis an sorcóir don uisce te agus chun uisce te a sholáthar do chithfholcadán.**



**Gnáthshonraí:**

- Bailitheoir gréine
- Fotha fuar Ø22 mm chuig an mbailitheoir
- Aisfhilleadh te Ø22 mm chuig sorcóir
- 250 l sorcóir
- Caidéal imshruthaithe
- 24 l umar borrtha gréine
- Umar stórála
- Fotha fuar Ø22 mm chuig sorcóir
- píobán borrtha Ø28 mm

*N.B. Tá aon tsonraíocht eile a chloíonn le Rialacháin Foirgníochta reatha inghlactha.*

**(b)** **Dhá chúinse nach mór a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh painéil ghréine a shuíomh ar theach.**

- Treoshuíomh an dín
- Suíomh agus cé chomh cóngarach agus atá foirgnimh in aice láimhe
- Claonadh an dín
- An cineál dín atá ar an teach, mianach an dín ó thaobh tacú leis na painéil agus iad a fheistiú air
- Méid an dín ar féidir úsáid a bhaint as
- An méid spáis atá sa ghairdín mórthimpeall agus seans go mbeadh crainn/plandaí in aice láithreach ag caitheamh scátha
- Éasca le cothabháil a dhéanamh air agus é a a ghlanadh le go leanfadh sé ag obair go héifeachtúil

*Glacfar le haon chúis oiriúnach eile*


# Ceist 4


**(a) Dhá bhuntáiste a bhaineann le rachtaí trusáilte réamhdhéanta a úsáid chun díon a thógáil.**

- Ní chruthaítear an oiread sin dramhaíola le linn tógála i gcomparáid le díonta gearrtha
- Tógann sé níos lú ama díon a thógáil ar an láithreán
- Tá sé níos tíosaí ar ábhair i gcomparáid le díon gearrtha a thógáil
- Is féidir áitribh plean oscailte a dhéanamh leis, mar níl an trus ag baint taca as ballaí inmheánacha
  *Glacfar le haon chúis bhailí eile*

**(b) Nótaí agus sceitse saorláimhe, conas rachta trusáilte a dhaingniú le balla seachtrach tí**

- Úsáidtear dúntóir cuais chun bailchríoch a chur ar bhallaí inslithe seachtracha
- Feistítear maidí balla 100 mm × 75 mm go daingean leis an mballa seachtrach le strapaí cruach 1200 mm
- Réamhdhéantar rachtaí trus lasmuigh den láithreán
- Feistítear plátaí tairneála go meicniúil ag gach alt agus ag gach ionad struchtúrach ar mhaithe le neart agus le dolúbthacht
- Ceanglaítear fáiscíní don trus leis an maide balla agus bearna de 400 mm eatarthu
- Crochtar an rachta trus ar na fáiscíní don trus agus daingnítear san áit sin é






**(c) Ábhar atá oiriúnach do bhailchríoch a chur ar dhíon an tí Tabhair dhá chúis le do rogha.**

| Bailchríoch dín | Cúis |
|---|---|
| Slinn | Cuma dheas<br>Marthanach<br>Ní gá mórán aire a thabhairt di<br>Maireann sí i bhfad |
| Tíleanna | Saolré fada acu<br>Ní gá mórán aire a thabhairt dóibh<br>Iad déanta as mianraí ithreach agus is féidir iad a athúsáid nó a athchúrsáil mar sin<br>Is é an rogha níos saoire |
| Scáltaí fótavoltacha | Gineann siad fuinneamh ar an láthair<br>Tarraingíonn siad níos lú airde ná painéil fhótavoltacha a cheangal mar a dhéantaí go minic<br>Cuireann siad le luach an tí<br>Ní gá an oiread sin airgid a chaitheamh ar bhillí fuinnimh |
| Leathánra since | Cuma nua-aimseartha<br>É somhúnlaithe agus é éasca cruth nua a chur air mar sin<br>Tá sé ag teacht le tírdhreach na tuaithe<br>Rogha níos mó de bhailchríocha daite |

*Glacfar le haon mhionsonraí oiriúnacha eile*

# Ceist 5

**(a) Gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí sceimheal an dín chothram.**



**Sonraíocht – gnáthshonra**


- Rindreáil sheachtrach 19 mm
- Bloc coincréite duille amuigh 100 mm
- Cuas inslithe líonta go hiomlán 200 mm
- Ballacheangal
- 100 mm bloc coincréite duille istigh
- Plástar inmheánach 15 mm
- Maide balla 100 mm × 75 mm
- Dúntóir cuais
- Scannán uiscedhíonach
- Insliú 150 mm
- Scannán sceite
- Deicre sraithadhmaid 20 mm
- Stiall leibhéalta
- Giarsa síleála inslithe 200 × 50 mm
- Scannán aerdhíonach
- Plástarchlár inslithe - síleáil 50 mm
- Eádan, tarr agus gáitéar

*Nóta: Is féidir glacadh le haon sonraí eile a chomhlíonann na Rialacháin Foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair*

**(b) Aon mionsonra tipiciúil dearaidh amháin a chinntíonn go mbíonn an cuas dúnta ag leibhéal an mhaide balla.**

Dúntóir cuais

*Glacfar le haon mhionsonraí oiriúnacha eile.*




# Ceist 6

**(a) Dhá réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo i seomra ranga an Staidéir Foirgníochta i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:**



| | |
|---|---|
| **Preabshábh a úsáid** | • Masc deannaigh a chaitheamh le linn bheith i mbun oibre<br>• Cluaschosaint a chaitheamh chun an baol de dhochar d'éisteacht a laghdú<br>• Súilchosaint a chaitheamh le bheith cosanta ar dheannach agus ar shliseanna ábhair a scaoiltear san aer<br>• A chinntiú nach bhfuil cáblaí ina nguais tuisle<br>• A chinntiú go bhfuil saotharphíosaí daingnithe sa chaoi is nach mbogfaidís le linn an preabshábh a úsáid |
| **Greamachán eapocsach a úsáid** | • A chinntiú go bhfuil an t-achar oibre aeráilte go maith<br>• Cosaint chraicinn agus éadaí a chaitheamh<br>• Masc análaitheora a chaitheamh le nach análaítear gala eapocsacha<br>• Súilchosaint a chaitheamh le nach mbeadh aon bhaol ann de theagmháil leis na súile<br>• A chinntiú nach bhfuil rudaí caite thart ar an achar oibre chun an baol de shleamhnú a sheachaint sa chás go sceitear an t-eapocsach |

*Glacfar le haon réamhchúram oiriúnach sonrach eile.*

**(b) Nótaí agus sceitsí, trí réamhchúram sábháilteachta shonracha le cur i bhfeidhm agus .**
**Tabhair cúis amháin le gach ceann:**




- Ní mór éadaí cosanta teanna a chaitheamh.
- Ní mór gruaig fhada scaoilte a cheangal siar
- Ní mór scáthlán aghaidhe a chaitheamh
- Ní mór masc deannaigh nó cosaint anála a chaitheamh
- Ní mór an taca uirlise a shocrú ag an airde agus an fad ceart ón saotharphíosa
- Ba cheart an ISN [Imrothluithe Sa Nóiméad] ceart a úsáid, ag brath ar mhéid an tsaotharphíosa.


*Glacfar le cúis oiriúnach ar bith*

**(c) Dhá chúis a bhfuil sé tábhachtach timpeallacht eagraithe shlachtmhar a choinneáil i seomra an Staidéir Foirgníochta**

- Laghdaíonn sé an baol de ghuais tuisle
- Bíonn sé níos éasca uirlisí agus ábhair oibre a aimsiú
- Ní chuirtear an oiread sin ama amú sa tóir ar uirlisí agus ar shaotharphíosaí
- Ní dhéantar an oiread sin damáiste d'uirlisí agus do mheaisíní
- Má stóráiltear gearrtháin ar bhealach eagraithe, spreagann sé seo daoine chun ábhair a athúsáid agus laghdaítear dramhaíl ábhair dá bharr
- Cuireann sé slachtmhaireacht agus cloí leis an nós imeachta chun cinn le linn daoine a bheith ag obair ar thionscadail phraiticiúla



*Glacfar le haon chúis oiriúnach eile*


# Ceist 7

**(a) Dhá bhuntáiste a bhaineann le seomra mór fóntais a chur san áireamh agus teach nua á dhearadh.**

- Cruthaíonn sé breis spáis inúsáidte sa chistin
- Áit chun bróga agus éadaí allamuigh a stóráil, rud a fhónann don teach a choimeád glan
- Áit chun meaisín níocháin a chur le nach gcuirfeadh an torann uaidh isteach an oiread sin ar an gcistin
- Breis spáis inar féidir earraí toirtiúla ón teach a stóráil
- Spás slán inar féidir peata teaghlaigh a chur i gcaitheamh an lae agus i rith na hoíche
- Spás le héadaí díreach nite a chrochadh suas agus a aeráil

**(b) Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar agus taispeáin an suíomh is rogha leat do gach ceann díobh seo a leanas sa seomra fóntais:**

- **doirteal** • **meaisín níocháin** • **aonaid stórála** • **áit le suí / le bróga a stóráil.**



**Tabhair fáth amháin le gach suíomh a roghnaigh tú.**

**doirteal**

- É suite gar don fhuinneog chun ligean do sholas nádúrtha teacht isteach san achar oibre
- É suite cois fuinneoige le go mbeidh radharc ag an úsáideoir ar an dúlra lasmuigh
- É suite ar bhalla seachtrach le go mbeadh sé éasca é a nascadh le diúscairt an fhuíolluisce

**meaisín níocháin**

- É suite ar bhalla seachtrach le go mbeadh sé éasca fáil réidh le fuíolluisce
- Rochtain ar shoicéid leictreacha
- É suite ar bhalla seachtrach le go mbeadh teacht ar sholáthar uisce

**aonaid stórála**

- É suite coise balla le nach mbeadh sé ina bhac ar áititheoirí le linn dóibh dul isteach agus amach ón teach cónaithe
- É suite cois balla le gur féidir tacaí a chur faoi na haonaid agus iad a fheistiú ar mhaithe le hiad a neartú agus a chobhsú
- É suite gar don mheaisín níocháin chun stóráil glantach níocháin a éascú

**áit le suí / le bróga a stóráil**

- Suite cois balla le gur féidir na suíocháin a fheistiú go daingean leis
- É suite gar don doras, áit ar féidir le háitritheoirí a gcuid bróga/buataisí a stóráil ar theacht isteach dóibh
- É suite gar don bhealach amach, áit ar féidir le háitritheoirí é a úsáid chun a gcuid bróga/buataisí a bhaint díobh nó a chur orthu

*Nó beidh áit nó cúis oiriúnach ar bith inghlactha.*

**(c) Mol clúdach urláir a bheadh oiriúnach don seomra fóntais agus tabhair dhá chúis le do rogha.**

| | |
|---|---|
| Tíleanna ceirmeacha | Ábhar buanfasach<br>Frithsheasmhach in aghaidh damáiste de bharr uisce<br>Is furasta cothabháil a dhéanamh ar thíleanna |
| Vinil | Éasca le cur isteach<br>An-éagsúlacht ann ó thaobh dearaí agus cuma de<br>Ábhar uiscefhriotaíoch |
| Coincréit shnasta | Is éifeachtúil an tslí é chun téamh faoi urlár a aistriú go dtí an dromchla<br>Bailchríoch urláir atá buanseasmhach go maith<br>In ann damáiste de bharr uisce a sheasam |
| Lannán adhmaid | Ábhar buanseasmhach atá in ann úsáid laethúil a sheasamh<br>Réiteach nach bhfuil an oiread sin costais ag baint leis i gcomparáid le cineálacha urlárlaigh eile<br>Ní gá an oiread sin cothabhála a dhéanamh air i gcomparáid le urlárlach tathagach |
| Líonóil | Ábhar buanfasach<br>Clúdach urláir uiscedhíonach<br>Réimse leathan uigeachtaí agus dathanna ar fáil |

*Glacfar le haon clúdach urláir agus cúis bailí eile*

# Ceist 8

## Meascthóir coincréite

- Tá druma rothlach ag meascthóirí coincréite atá deartha sa chaoi is gur féidir leis coincréit a dhéanamh as amhábhair gan ghá iad a dheighilt roimh ré
- Tá meascthóirí mionbhaisce leictreacha (*ar an láithreán*) ann nó tá cineálacha le fáil a fhaigheann cumhacht ó inneall peitril nó díosail. Lódáiltear an meascthóir de láimh agus é in ann 200 lítear de choincréit a tháirgeadh ar an láithreán in aghaidh na baisce




- Ós rud é go lódáiltear meascthóirí mionbhaisce de láimh, is deacair rialú cáilíochta a rialú
- Déantar méideanna móra coincréite a mheascadh lasmuigh den láithreán i ngléasra measctha agus iompraítear iad chuig an láithreán i dtrucail choincréite réamh-mheasctha
- Is é 4 – 6 mhéadar ciúbach an toilleadh a bhíonn ag trucailí coinchréite réamh-mheasctha de ghnáth
- Tá sé níos fusa rialú cáilíochta a chur i bhfeidhm ar na meascáin agus is féidir meascáin a dhoirteadh go díreach isteach san achar




## Comhla chliste radaitheora

- Féadtar comhla chliste a fheistiú ar radaitheoirí nua nó radaitheoirí atá ann cheana
- Baineann sí leas as braiteoirí comhtháite chun teocht an tseomra a thomhas
- In ann comhartha a thabhairt chun an sruth d'uisce te chuig an radaitheoir a laghdú nó a mhéadú
- Nuair atá úinéirí an tí as baile, is féidir leo leas a bhaint as gléasanna cliste chun comhlaí cliste ar radaitheoir a rialú
- A bhuí leo tá siad in ann teocht dhifriúil a shocrú i ngach seomra i gcomparáid le córais téimh den seandéanamh nach raibh in ann ach crios téimh amháin nó dhó a chur i bhfeidhm
- Laghdaítear costais fuinnimh agus úsáide ós rud é go gcuireann an chomhla chliste ar chumas na n-áitritheoirí an teocht a rialú agus pé teocht a shocraítear a choimeád
- 





## Tíl mhullaigh

- Agus é suite ar rinn an dín, cosnaíonn sé é trí fheidhmiú mar shéala ar áit trasnaithe dhá phlána an dín
- Go traidisiúnta, úsáidtí moirtéal chun tíleanna mullaigh a ghreamú le tíleanna I gcás déantúsóirí tíleanna na linne seo, tá córais shocraithe chomhtháite acu a fhágann gur féidir an tíl mhullaigh a fheistiú gan mhoirtéal




- Déantar tíleanna mullaigh as ábhair atá ar aon dul leis na hábhair as a ndéantar clúdach dín agus is iomaí dath agus próifíl inar féidir iad a fháil
- Úsáidtear roinnt tíleanna mullaigh chun bailchríoch mhaisiúil a chur ar an líne chothrománach feadh bharr an dín




## Gloiniú triarach

- Murab ionann agus an pána amháin nó dhó mar atá i ngloiniú den seandéanamh, tá gloiniú triarach comhdhéanta de thrí phíosa gloine
- De ghnáth líontar an cuas idir gach pána gloine le gás támh amhail argón, xeanón nó xeanón nó crioptón
- In éineacht leis an bpána breise, féadann sé seo a bheith cabhrach ó thaobh tarchur torainn a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú
- Is fearr gloiniú triarach chun tithe a insliú ná déghloiniú agus tá compord teirmeach níos fearr le fáil as dá bharr
- Is troime agus is tibhe i bhfad é gloiniú triarach ná déghloiniú agus seans maith nach n-oirfeadh sé do gach cineál fráma mar sin
- Cuireann gloiniú triarach bac ar shochar gréine teacht isteach i dteach cónaithe uaireanta agus, ar an ábhar sin, ní chuireann roinnt úinéirí tí gloiniú triarach isteach in ingearchlónna theas an fhoirgnimh




## Balastair

- Is ball ceartingearach idir an lámhráille agus an tstiall ar staighre é an balastar
- Tá an téarma balastar inmhalartaithe leis an bhfocal fearsaid nuair atáthar ag caint faoi thógáil staighre
- Ó thaobh crutha de, is féidir le balastar a bheith ina sheafta múnlaithe, cearnógach, nó déanta ar deil
- Níor cheart do bhalastair ligean do sféar 100 mm ar trastomhas dul eatarthu
- Is féidir balastair a mhonarú as réimse leathan ábhar amhail adhmaid, iarann, agus plaisteach




## Cumhdach céadair

- Tá buanseasmhacht nádúrtha ag céadras a fhágann go bhfuil saolré de bhreis agus 60 bliain aige gan aon chóireáil leasaitheach a chur air
- Ní gá cóireáil a dhéanamh ar an gcumhdra ach amháin mura dteastaítear an dath geal-liath síonchaite
- Féadfar cumhdra ceadrais a dhaingniú go cothrománach nó go hingearach ar chaolaigh
- Imoibríonn Céadar le hábhair fheiriúla agus ba cheart daingnitheoirí cruach dosmálta nó galbhánaithe a úsáid chun é a fheistiú mar sin
- Is é céadar Ceanadach an cineál is coitianta a úsáidtear toisc a chuid dathanna a bheith teolaí domhain i gcomparáid leis an gcéadar fásta Eorpach
- Tá leibhéal íseal d’fhuinneamh corpraithe ag cumhdra céadrais i gcomparáid le bailchríocha seachtracha eile




**Béalalt**

- Is alt adhmadóireachta láidir é an béalalt a úsáidtear go coitianta é agus achar mór gliúála air
- Is féidir leis an alt a bheith ina Bhéalalt de chineál T nó ina Bhéalalt cúinne
- Is éard atá i gceist le Béalailt ná aon trian den ábhar a bhaint as píosa amháin agus dhá thrian den ábhar as an bpíosa eile
- Modh ceangail a oireann d'aon chumraíocht d'alt frámúcháin cúinne, coirnéil nó de chineál T
- Is féidir béalalt cúinne a úsáid i bhfoirgneamh frámaithe
- Is féidir béalalt de chineál T a úsáid i dtógáil boird chun ráillí a cheangal leis na cuaillí




**Sorn a dhónn millíní adhmaid**

- Dónn sé millíní in-athnuaite déanta as ábhair bhithmhaise chomhdhlúite nó adhmad comhbhrúite chun teas a sholáthar do theach cónaithe
- Déantar millíní adhmaid comhbhrúite as ábhar orgánach amhail min sáibh agus mionachar adhmaid a fhaightear ó lománaíocht, ó dhéantúsaíocht, ó dhríodar foraoise, agus ó fhuílleach barr a thriomaítear agus a bhrúitear chun millíní a dhéanamh astu
- Cosúil le córais fuinnimh in-athnuaite eile, is féidir le sorn a dhónn millíní airgead nach beag a shábháil i dtaca le costais téimh de tríd an teas a fheabhsú ar fud do thí cónaithe nó i gcuid de
- Baineann sé leas as tarathar chun breosla a chur isteach de réir a chéile ó chrannóg stórála go h-achar dóite agus, ar an gcaoi seo, cruthaíonn sé lasair leanúnach nár ghá í a choigeartú ach go hannamh
- Is rogha eile téimh ar chostas íseal iad soirn a dhónn millíní nach gcuireann isteach chomh mór sin ar an timpeallacht i gcomparáid leis na foinsí téimh a úsáidtear go traidisiúnta
- Nuair a úsáidtear mar bhreosla iad, is beag astaíocht a chuireann millíní amach, rud a fhágann gur rogha neamhdhíobhálach don chomhshaol agus cost-éifeachtúil amach is amach is ea sorn a dhónn millíní



**Scríd urláir**


- An tsraith deiridh den urlár ar ar féidir ábhar urlárlaigh críochnaithe agus bailchríoch air a chur
- Tá roinnt bealaí ann chun scríd urláir a chur isteach
- Úsáideann modhanna traidisiúnta meascán de ghaineamh, stroighin agus d'uisce, go hiondúil i gcóimheas meascaidh gainimh/stroighne idir 3:1 agus 5:1. Is éard a bhí i gceist leis an modh seo ná an meascán a oibriú isteach san áit a raibh sé ag teastáil agus é a dhéanamh leibhéalta le clár sactha ansin
- I measc na modhanna nua-aimseartha in úsáid tá táirgí leachtacha sulfáite cailciam saorshreafa a éireoidh leibhéalta iad féin nuair a dhoirtear ar an bhfo-urlár iad
- Maidir leis na scrídeanna a éiríonn leibhéalta iad féin, deartar iad sa chaoi is gur féidir iad a úsáid le téamh faoi urlár (TFU). B'fhearr scríd urláir leachtach a chur ag doimhneachtaí idir 50 - 75mm in éineacht le TFU
- Déantar píopán TFU a ghreamú leis an insliú dolúbtha agus doirtear an scríd go díreach ar bharr na bpíopán



# Ceist 9

**(a) Ábhar atá oiriúnach do dhoras tosaigh**

- Céadar
- Learóg
- Dair
- Téac
- uPVC
- Alúmanam




**Dhá chúis le do rogha.**

- Buanfas
- Níl cóireáil leasaitheach de dhíth ar roinnt speiceas adhmaid ó tharla olaí nádúrtha a bheith iontu
- Frithsheasmhacht nádúrtha maidir le hionsaí ó fheithidí
- Frithsheasmhach go nádúrtha i gcoinne taise
- Ní gá cothabháil a dhéanamh go rialta ar alúmanam agus ar pvc neamhphlaistithe

*Ábhar agus cúis bhailí eile ar bith*


**Dhá mhionathrú le déanamh ar theach le cinntiú gur féidir le duine faoi luaineacht theoranta dul isteach ann.**

- Rampa a chur ag an bpríomhbhealach isteach agus fána 1:20 aige. (1200 mm ar leithead ar a laghad) Ceapa tuirlingthe réidh freisin ag an mbealach isteach
- Aon ábhar a bhaint ón gcabhsa a d'fhéadfadh a bheith ina chúis tuisle nó titim agus ábhar mín frithsheasmhach in aghaidh sciorrtha a chur isteach ina áit. Coincréit phatrúnaithe, leaca pábhála, tarramhacadam
- Painéal gloine le go mbeadh radharc ag an duine laistigh ar cé atá ag an doras
- Soilsiú ardleibhéil agus íseal-leibhéil a chur isteach chun an láthair iontrála a shoilsiú
- Leithead an dorais a leathnú go leithead oscailte glan de 1000 mm
- Téastar cosanta aimsire a chur isteach chun an láthair iontrála a chosaint ar an aimsir
- Tairseach íseal a chur isteach



**(c) Dhá chúis a dteastódh ó úinéirí an tí bealach tosaigh isteach a dhéanamh a mbeadh rochtain ag gach duine air.**

- Cuir le luach athdhíola an ionaid réadmhaoine toisc nár ghá mionathrú costasach a dhéanamh air
- Féachaint chuige go seasfaidh an teach cónaithe an aimsir maidir leis na hathruithe a thiocfaidh ar riachtanais mhuintir an tí i gcaitheamh a saoil Naíchóistí, bugaithe, tralaithe siopadóireachta, áiseanna siúil, cathaoireacha rothaí
- Laghdaíonn sé an gá le hathchóiriú costasach a dhéanamh amach anseo
- Más gá iarfheistiú a dhéanamh chun iompú go stíl mhaireachtála inbhuanaithe lá níos faide anonn beidh gá le tuilleadh acmhainní agus fuinnimh



*Aon chúis bhailí eile*

## Ceist 1

| Gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcéad urlár. | |
|---|---|
| **Mionsonraí - gnáthmhéideanna** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)** | |
| Bloc coincréite duille amuigh agus plástar inmhéanach air | **5** |
| Cuas líonta go hiomlán agus ballacheangal | **5** |
| Bloc coincréite duille istigh agus rindreáil air | **5** |
| Crochadán giarsa | **5** |
| Giarsa síleála | **5** |
| Téip aerdhíonach | **5** |
| Plástarchlár | **5** |
| Deicre sraithadhmaid | |
| Urlárlach teanga & eitre | |
| Clár sciorta | |
| ***Aon 7 x 5 mharc*** **Fo-iomlán** | **35** |
| Aon cheithre ghnáth-thoise | **4** |
| Dréachtú, cruinneas agus scála *(ar fheabhas, maith, measartha)* *8 6 4* | **8** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Cuid (b)** Léirigh sonraíocht thipiciúil dearaidh d'fhonn an bloc seachtrach a nascadh leis an mbloc inmhéanach | |
| Ballacheangal aitheanta go soiléir | **3** |
| **Fo-Iomlán** | **3** |
| | **50 marc** |

## Ceist 2.

| Uasghrádaithe fuinnimh | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Pléigh **dhá chúis** a bhfuil deontais uasghrádaithe fuinnimh ar fáil do sheantithe. | |
| Cúis 1 | **6** |
| Cúis 2 | **6** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Cuid (b)**<br>Córas inslithe seachtrach a chur ar theach | |
| Modh chun ballaí seachtracha a insliú *nóta & sceitse* *(8 + 8 marc)* | **16** |
| An cineál inslithe is fearr do bhalla seachtrach | **4** |
| Tiús inslithe | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **24** |
| **Cuid (c)**<br>Uasghrádú **amháin** eile a d'fhéadfadh úinéir an tí a dhéanamh ar a t(h)each féin | |
| Uasghrádú fuinnimh féideartha *nóta & sceitse* *(7 + 7 marc)* | **14** |
| **Fo-Iomlán** | **14** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 3

| Bailitheoir gréine | |
|---|---|
| **Mionsonraí - gnáthmhéideanna** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>An phíbobair is gá chun an bailitheoir gréine a nascadh leis an sorcóir don uisce te agus do chithfholcadán. | |
| Bailitheoir gréine | |
| Fotha fuar chuig an mbailitheoir | **5** |
| Aisfhilleadh te chuig sorcóir | **5** |
| Sorcóir | **5** |
| Caidéal imshruthaithe | **5** |
| Umar borrtha gréine | **5** |
| Umar stórála | **5** |
| Fotha fuar chuig sorcóir | **5** |
| Píobán borrtha | **5** |
| Uisce te chuig cithfholcadán agus chuig aonad cithfholcadáin | |
| Comhlaí | |
| **Aon 8 x 5 mharc** **Fo-Iomlán** | **40** |
| **Cuid (b)**<br>**Dhá** chúinse nach mór a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh painéil ghréine a shuíomh ar theach. | |
| Breithniú 1 | **5** |
| Breithniú 2 | **5** |
| **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 4.

| Rachtaí trusáilte | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>**Dhá** bhuntáiste a bhaineann le rachtaí trusáilte réamhdhéanta a úsáid chun díon a thógáil. | |
| Buntáiste 1 | **4** |
| Buntáiste 2 | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **8** |
| **Cuid (b)**<br>Sonraíochtaí tógála tipiciúla de conas rachta trusáilte a dhaingniú le balla seachtrach tí | |
| balla seachtrach *sceitse & nóta* *(4 + 2 mharc)* | **6** |
| maide balla *sceitse & nóta* *(4 + 2 mharc)* | **6** |
| rachta trusáilte *sceitse & nóta* *(4 + 2 mharc)* | **6** |
| pláta tairneála *sceitse & nóta* *(4 + 2 mharc)* | **6** |
| fáiscín don trus *sceitse & nóta* *(4 + 2 mharc)* | **6** |
| **Fo-Iomlán** | **30** |
| **Cuid (c)**<br>Sonraigh bailchríoch oiriúnach le cur ar an díon agus tabhair dhá chúis leis | |
| Ábhar oiriúnach: | **4** |
| Cúis 1 | **4** |
| Cúis 2 | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 5.

| Balla seachtrach agus sceimheal an dín chothroim | |
|---|---|
| **Mionsonraí - gnáthmhéideanna** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí sceimheal an dín chothroim | |
| Bloc coincréite duille amuigh agus rindreáil sheachtrach air | |
| Cuas inslithe líonta go hiomlán agus ballacheangal | **5** |
| Bloc coincréite duille istigh agus plástar inmheánach air | **5** |
| Maide balla agus dúntóir cuasa | **5** |
| Scannán uiscedhíonach | **5** |
| Insliú | **5** |
| Deicre sraithadhmaid agus scannán sceite | **5** |
| Stiall leibhéalta | **5** |
| Giarsa síleála inslithe | **5** |
| Síleáil phlástarchláir inslithe ina bhfuil scannán aerdhíonach | |
| Eádan agus tarr | |
| Gáitéar | |
| ***Aon 8 x 5 mharc*** **Fo-iomlán** | **40** |
| Dréachtú, cruinneas agus scála *(ar fheabhas, maith, measartha)* *6 4 2* | **6** |
| **Fo-Iomlán** | **6** |
| **Cuid (b)**<br>Mionsonra tipiciúil dearaidh amháin a chinntíonn go mbíonn an cuas dúnta ag leibhéal an mhaide balla. | |
| Dúntóir cuais | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 6.

| Sábháilteacht i seomra ranga Staidéir Foirgníochta | | |
|---|---|---|
| **Sonraí** | | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>**Dhá** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo i seomra ranga an Staidéir Foirgníochta nuair: | | |
| Preabshábh a úsáid - Réamhchúram sábháilteachta 1 | | **4** |
| Preabshábh a úsáid - Réamhchúram sábháilteachta 2 | | **4** |
| Greamachán eapocsach a úsáid - Réamhchúram sábháilteachta 1 | | **4** |
| Greamachán eapocsach a úsáid - Réamhchúram sábháilteachta 2 | | **4** |
| | **Fo-Iomlán** | **16** |
| **Cuid (b)**<br>Déan cur síos ar **thrí** réamhchúram sábháilteachta ar leith nach mór cloí leo agus adhmad á dheileadh ar an deil. | | |
| Réamhchúram sábháilteachta 1 agus cúis | *(3 + 3 +2 mharc)* | **8** |
| Réamhchúram sábháilteachta 2 agus cúis | *(3 + 3 +2 mharc)* | **8** |
| Réamhchúram sábháilteachta 3 agus cúis | *(3 + 3 +2 mharc)* | **8** |
| | **Fo-Iomlán** | **24** |
| **Cuid (c)**<br>**Dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach timpeallacht eagraithe shlachtmhar a choinneáil i seomra an Staidéir Foirgníochta**.** | | |
| Cúis 1 | | **5** |
| Cúis 2 | | **5** |
| | **Fo-Iomlán** | **10** |
| | **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 7.

| Dearadh seomra fóntais | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>**Dhá** bhuntáiste a bhaineann le seomra mór fóntais a chur san áireamh agus teach nua á dhearadh. | |
| Buntáiste 1 | **5** |
| Buntáiste 2 | **5** |
| **Fo-Iomlán** | **10** |
| **Cuid (b)**<br>Taispeáin an suíomh is fearr agus luaigh cúis le gach ceann díobh seo a leanas;<br>• Doirteal • meaisín níocháin • aonaid stórála • áit le suí / i gcomhair buataisí. | |
| Sceitse | **8** |
| Suíomh agus cúis bhailí do dhoirteal *(3 + 2 mharc)* | **5** |
| Suíomh agus cúis bhailí do mheaisín níocháin *(3 + 2 mharc)* | **5** |
| Suíomh agus cúis bhailí d'aonaid stórála *(3 + 2 mharc)* | **5** |
| Suíomh agus cúis bhailí d'áit le suí/ i gcomhair buataisí *(3 + 2 mharc)* | **5** |
| **Fo-Iomlán** | **28** |
| **Cuid (c)**<br>Mol clúdach urláir a bheadh oiriúnach don seomra fóntais agus tabhair **dhá** chúis le do rogha. | |
| Clúdach urláir oiriúnach | **4** |
| Cúis 1 | **4** |
| Cúis 2 | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 8.

| Téarmaí Tógála | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Mír a haon** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a dó** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a trí** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a ceathair** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Mír a cúig** | |
| An chéad chur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **6** |
| An dara cur in iúl ar eolas a bhaineann le hábhar | **4** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

# Ceist 9


| Doras tosaigh do dhuine atá faoi luaineacht theoranta | |
|---|---|
| **Sonraí** | **Marcanna** |
| **Cuid (a)**<br>Mol ábhar oiriúnach le haghaidh doras tosaigh nua agus tabhair **dhá** chúis le do rogha. | |
| Ábhar oiriúnach: | **4** |
| Cúis 1 | **4** |
| Cúis 2 | **4** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Cuid (b)**<br>**Dhá** mhionathrú le déanamh ar theach le cinntiú gur féidir le duine faoi luaineacht theoranta dul isteach ann | |
| Mionathrú 1 le déanamh ar an mbealach isteach*nótaí + sceitse*<br>*(8 + 5 mharc)* | **13** |
| Mionathrú 2 le déanamh ar an mbealach isteach*nótaí + sceitse*<br>*(8 + 5 mharc)* | **13** |
| **Fo-Iomlán** | **26** |
| **Cuid (c)**<br>Pléigh **dhá** chúis a dteastódh ó úinéirí an tí bealach tosaigh isteach a dhéanamh a mbeadh rochtain ag gach duine air. | |
| Cúis 1 | **6** |
| Cúis 2 | **6** |
| **Fo-Iomlán** | **12** |
| **Iomlán** | **50 marc** |

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*


***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023***

# *Staidéar Foirgníochta*
# *Triail Phraiticiúil*
## *Comhleibhéal*

*(150 mharc)*




# *Scéim Mharcála*
## *Lá 1*









# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil



**Nóta:**


- Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
- Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
- Más léir gur úsáideadh innealra chun gnáthamh ar leith a chur i gcrích, gearrfar pionós dá bharr.
- Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.


| | (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin | **10** |
| | b. | Dearadh agus deilbhiú curtha i bhfeidhm ar cholbhaí | **4** |
| | | **Iomlán** | **14** |


| | (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Feiralt<br>• Trinse *3 mharc* | **3** |
|  | b. | Béalalt<br>• Trinsí *2 × 2 mharc*<br>• Béal *3 mharc* | **7** |
|  | c. | Leathalt crosach<br>• Trinsí *2 × 2 mharc* | **4** |
|  | d. | Déadalt<br>• Eireaball *3 mharc*<br>• Trinse *3 mharc* | **6** |
|  | e. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte<br>• Tionúir *2 × 2 mharc*<br>• Moirtísí *2 × 2 mharc* | **8** |
|  | f. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte maoléadanach<br>• Moirtís *3 mharc*<br>• Tionúr *3 mharc* | **6** |


| | | | |
|---|---|---|---|
|  | g. | Cos<br>• Trinse *3 mharc*<br>• Claontaí *4 x 1 mharc* | **7** |
| | h. | Claontaí, seaimfféar agus cuar<br>• Claontaí *4 x 1 mharc*<br>• Seaimféar *2 mharc*<br>• Cuar *2 mharc* | **8** |
| | | **Iomlán** | **49** |



| **Próiseáil an Seastáin Seodra** | | | |
|---|---|---|---|
| **Feiralt** | **(iii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Trinse<br>• Trinse *4 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **4** |
| **Béalalt** | **(iv)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Trinsí<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Béal<br>• Gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh an bhéalailt *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| **Leathalt crosach** | **(v)** | **PRÓISEÁIL** | **Marc anna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• Gearr le sábh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | | **Iomlán** | **8** |

| **Déadalt** | **(vi)** | **PRÓISEÁIL** | **Marc anna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Déad<br>• Gearradh le sábh an déid *4 × 1 mharc*<br>• Scamhadh an déid *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Trinse an déid<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• An trinse a bharrlomadh go doimhneacht *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| **Moirtís agus tionúr dúbailte** | **(vii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marc anna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Tionúir<br>• Gearradh le sábh de réir an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Scamhadh ceartingearach *2 mharc* | **8** |
| | b. | Moirtísí<br>• Moirtísí a bhaint *2 × 3 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **14** |

| **Moirtís agus tionúr dúbailte maoléadanach** | **(viii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marc anna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | **3** |
| | b. | Tionúr *6 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **9** |

| Cos | (ix) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinse<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh an trinse go doimhneacht *2 mharc* | **4** |
| | b. | Claontaí gearra *2 × 1 mharc* | **2** |
| | c. | Deilbhiú ar bun<br>• Gearradh le sábh go doimhneacht *1 mharc*<br>• Scamhadh de réir an tsnáithe *2 × 2 mharc* | **5** |
| | | **Iomlán** | **11** |
| **Deilbhiú & druileáil** | **(x)** | **PRÓISEÁIL** | **Marc anna** |
|  | a. | Claontaí gearra *4 × 1 mharc* | **4** |
| | b. | Cuar *3 mharc* | **3** |
| | c. | Seaimféar *2 mharc* | **2** |
| | c. | Druileáil, leacú agus ionsá scriúáil go beacht *2 mharc* | **2** |
| | d. | Duail<br>• Duail a ghearradh go fad *2 × 1 mharc*<br>• Poill duail a dhruileáil go beacht *2 × 2 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **17** |
| | | | |
| | | **CRÍOCHNÚ IOMLÁN AN PHÍOSA** | **Marc anna** |
| | | **Móriomlán** | **150** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*State Examinations Commission*


***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023***

# *Staidéar Foirgníochta*

# *Triail Phraiticiúil*


## *Comhleibhéal*

*(150 mharc)*



# *Scéim Mharcála*


## *Lá 2*









# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil

**Nóta:**

- Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
- Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
- Más léir gur úsáideadh innealra chun gnáthamh ar leith a chur i gcrích, gearrfar pionós dá bharr.
- Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.






| (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin | **10** |
| b. | Dearadh agus deilbhiú curtha i bhfeidhm ar cholbhaí | **4** |
| | **Iomlán** | **14** |










| (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Feiralt<br>• Trinse *3 mharc* | **3** |
| b. | Béalalt<br>• Trinsí *2 × 2 mharc*<br>• Béal *3 mharc* | **7** |
| c. | Leathalt crosach<br>• Trinsí *2 × 2 mharc* | **4** |
| d. | Déadalt<br>• Eireaball *3 mharc*<br>• Trinse *3 mharc* | **6** |
| e. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte<br>• Tionúir *2 × 2 mharc*<br>• Moirtísí *2 × 2 mharc* | **8** |
| f. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte maoléadanach<br>• Moirtís *3 mharc*<br>• Tionúr *3 mharc* | **6** |


| | | | |
|---|---|---|---|
|  | g. | Cos<br>• Trinse *3 mharc*<br>• Claontaí *4 x 1 mharc* | **7** |
| | h. | Claontaí, seaimféar agus cuar<br>• Claontaí *4 x 1 mharc*<br>• Seaimféar *2 mharc*<br>• Cuar *2 mharc* | **8** |
| | | **Iomlán** | **49** |


| Próiseáil an Seastáin Seodra | | | |
|---|---|---|---|
| **Feiralt** | **(iii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Trinse<br>• Trinse *4 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **4** |
| **Béalalt** | **(iv)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|  | a. | Trinsí<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Béal<br>• Gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh an bhéalailt *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |


| Leathalt crosach | (v) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• Gearr le sábh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | 8 |
| | | **Iomlán** | **8** |

| Déadalt | (vi) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Déad<br>• Gearradh le sábh an déid *4 × 1 mharc*<br>• Scamhadh an déid *2 × 2 mharc* | 8 |
| | b. | Trinse an déid<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• An trinse a bharrlomadh go doimhneacht *2 mharc* | 4 |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Moirtís agus tionúr dúbailte | (vii) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Tionúir<br>• Gearradh le sábh de réir an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Scamhadh ceartingearach *2 mharc* | 8 |
| | b. | Moirtísí<br>• Moirtísí a bhaint *2 × 3 mharc* | 6 |
| | | **Iomlán** | **14** |

| Moirtís agus tionúr dúbailte maoléadanach | (viii) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | 3 |
| | b. | Tionúr *6 mharc* | 6 |
| | | **Iomlán** | **9** |

| Cos | (ix) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinse<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh an trinse go doimhneacht *2 mharc* | **4** |
| | b. | Claontaí gearra *2 × 1 mharc* | **2** |
| | c. | Deilbhiú ar bun<br>• Gearradh le sábh go doimhneacht *1 mharc*<br>• Scamhadh de réir an tsnáithe *2 × 2 mharc* | **5** |
| | | **Iomlán** | **11** |

| Deilbhiú & druileáil | (x) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Claontaí gearra *4 × 1 mharc* | **4** |
| | b. | Cuar *3 mharc* | **3** |
| | c. | Seaimféar *2 mharc* | **2** |
| | c. | Druileáil, leacú agus ionsá scriúáil go beacht *2 mharc* | **2** |
| | d. | Duail<br>• Duail a ghearradh go fad *2 × 1 mharc*<br>• Poill duail a dhruileáil go beacht *2 × 2 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **17** |

| | CRÍOCHNÚ IOMLÁN AN PHÍOSA | Marc anna |
|---|---|---|
| | **Móriomlán** | **150** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*


***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023***


# *Staidéar Foirgníochta*

# *Triail Phraiticiúil*

## *Comhleibhéal*

*(150 mharc)*






## *Scéim Mharcála*

## *Lá 3*


# Scéim Mharcála – Triail Phraiticiúil


**Nóta:**


- Ní mór don iarrthóir an déantán a dhéanamh de láimh gan cúnamh ó innealra.
- Ceadaítear scriúire atá cumhachtaithe ag cadhnra, áfach.
- Más léir gur úsáideadh innealra chun gnáthamh ar leith a chur i gcrích, gearrfar pionós dá bharr.
- Marcálfar an píosa sin as 50% de na marcanna atá ar fáil don mhodh oibre sin.





| (i) | CÓIMEÁIL FHORIOMLÁN | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Cáilíocht fhoriomlán an déantáin | **10** |
| b. | Dearadh agus deilbhiú curtha i bhfeidhm ar cholbhaí | **4** |
| | **Iomlán** | **14** |


















| (ii) | MARCÁIL | Marcanna |
|---|---|---|
| a. | Feiralt<br>• Trinse *3 mharc* | **3** |
| b. | Béalalt<br>• Trinsí *2 × 2 mharc*<br>• Béal *3 mharc* | **7** |
| c. | Leathalt crosach<br>• Trinsí *2 × 2 mharc* | **4** |
| d. | Déadalt<br>• Eireaball *3 mharc*<br>• Trinse *3 mharc* | **6** |
| e. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte<br>• Tionúir *2 × 2 mharc*<br>• Moirtísí *2 × 2 mharc* | **8** |
| f. | Alt moirtíse agus tionúir dúbailte maoléadanach<br>• Moirtís *3 mharc*<br>• Tionúr *3 mharc* | **6** |


| | | | |
|---|---|---|---|
|  | g. | Cos<br>• Trinse *3 mharc*<br>• Claontaí *4 x 1 mharc* | **7** |
| | h. | Claontaí, seaimféar agus cuar<br>• Claontaí *4 x 1 mharc*<br>• Seaimféar *2 mharc*<br>• Cuar *2 mharc* | **8** |
| | | **Iomlán** | **49** |


**Próiseáil an Seastáin Seodra**


| **Feiralt** | **(iii)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinse<br>• Trinse *4 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **4** |



| **Béalalt** | **(iv)** | **PRÓISEÁIL** | **Marcanna** |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | **8** |
| | b. | Béal<br>• Gearradh le sábh de réir an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh an bhéalailt *2 mharc* | **4** |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Leathalt crosach | (v) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinsí<br>• Gearr le sábh trasna an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh na dtrinsí go doimhneacht *2 × 2 mharc* | 8 |
| | | **Iomlán** | **8** |

| Déadalt | (vi) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Déad<br>• Gearradh le sábh an déid *4 × 1 mharc*<br>• Scamhadh an déid *2 × 2 mharc* | 8 |
| | b. | Trinse an déid<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• An trinse a bharrlomadh go doimhneacht *2 mharc* | 4 |
| | | **Iomlán** | **12** |

| Moirtís agus tionúr dúbailte | (vii) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Tionúir<br>• Gearradh le sábh de réir an tsnáithe *4 × 1 mharc*<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• scamhadh ceartingearach *2 mharc* | 8 |
| | b. | Moirtísí<br>• Moirtísí a bhaint *2 × 3 mharc* | 6 |
| | | **Iomlán** | **14** |

| Moirtís agus tionúr dúbailte maoléadanach | (viii) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Moirtís *3 mharc* | 3 |
| | b. | Tionúr *6 mharc* | 6 |
| | | **Iomlán** | **9** |

| Cos | (ix) | PRÓISEÁIL | Marc anna |
|---|---|---|---|
|  | a. | Trinse<br>• Gearradh le sábh trasna an tsnáithe *2 × 1 mharc*<br>• Barrlomadh an trinse go doimhneacht *2 mharc* | **4** |
| | b. | Claontaí gearra *2 × 1 mharc* | **2** |
| | c. | Deilbhiú ar bun<br>• Gearradh le sábh go doimhneacht *1 mharc*<br>• Scamhadh de réir an tsnáithe *2 × 2 mharc* | **5** |
| | | **Iomlán** | **11** |
| **Deilbhiú & druileáil** | **(x)** | **PRÓISEÁIL** | **Marc anna** |
|  | a. | Claontaí gearra *4 × 1 mharc* | **4** |
| | b. | Cuar *3 mharc* | **3** |
| | c. | Seaimféar *2 mharc* | **2** |
| | c. | Druileáil, leacú agus ionsá scriúáil go beacht *2 mharc* | **2** |
| | d. | Duail<br>• Duail a ghearradh go fad *2 × 1 mharc*<br>• Poill duail a dhruileáil go beacht *2 × 2 mharc* | **6** |
| | | **Iomlán** | **17** |
| | | | |
| | | **CRÍOCHNÚ IOMLÁN AN PHÍOSA** | **Marc anna** |
| | | **Móriomlán** | **150** |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
*State Examinations Commission*

**Foirm A**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta**

# Staidéar Foirgníochta

## Obair Chúrsa Praiticiúil
## Scéim Mharcála

| | Critéir Mharcála | Marcanna |
|---|---|---|
| A | **Pleanáil an Tionscnaimh**<br>• Roghnú an obair chúrsa, taiscéalaíocht agus pleanáil bhainistíochta<br>• Fiosrú agus taighde cuí<br>• Forbairt dearaidh trí sceitsí anótáilte, le líníocht(í) oibre agus/nó shamhlacha | **40** |
| B | **Tuairisc**<br>• Seicheamh monaraithe, san áireamh fianaise ghrianghrafadóireachta agus/nó sceitsí<br>• Breithmheas criticiúil agus conclúidí ó thaithí an obair chúrsa<br>• Cáilíocht fhoriomlán na cumarsáide agus cur i láthair an fhóilió dearaidh | **35** |
| C | **Scileanna Lámhsiúcháin**<br>• Marcáil amach na n-ábhar<br>• Próiseáil agus cóimeáil na n-ábhar<br>• Raon agus doimhneacht na scileanna le feiceáil san déantúsán | **40** |
| D | **Críochnú an Tionscnaimh**<br>• An déantúsán críochnaithe go maith<br>• Cruthaitheacht agus oiriúnacht ar an obair chúrsa<br>• Cáilíocht fhoriomlán, comhleanúnachas agus cur i láthair na hoibre cúrsa | **35** |
| | **Total** | **150** |

**Nóta***:* ***Cé go bhfanfaidh na ceannteidil ghinearálta agus na marcanna thuas mar an gcéanna den chuid is mó, d'fhéadfadh na miondealuithe a bheith éagsúil bliain ar bith.***